

Dáta	Leibhéal Ranga Rang a hAon agus Rang a Dó	Ábhar Eolaíocht
Snáithe Ábhair	Snáithaonad Ábhair agus Athrú	
Teideal Tuáillí Trá: Cad é an tÁbhar is Fearr?		
Cuspóir(i) Ábhair a ionsúnn uisce a aithint agus a imscrúdú.		
Scileanna atá Riachtanach Ag obair go heolaíoch: ag cur ceisteanna, ag breathnú, ag tuar, ag imscrúdú agus ag tástáil, ag meas agus ag tomhas, ag anailísiú.		
<p>Cuspóirí Foghlama</p> <p>Cuirfear ar chumas an linbh:</p> <p>A thuiscint cén fáth a dteastaíonn ábhair a ionsúnn uisce uainn.</p> <p>Ábhair a thástáil chun a fheiceáil cén ceann ag a bhfuil na leibhéil is airde ionsúcháin.</p> <p>Teacht ar an ábhar is fearr chun tuáille a dhéanamh as.</p>	<p>Gníomhaíochtaí Foghlama</p> <p>Cur Chuige faoi Threoir an Mhúinteora:</p> <p>Ag tús an cheachta, abair leis na daltaí go bhfuair tú amach nuair a d'éirigh tú ar maidin gur sceith d'inneall níocháin uisce ar urlár do chistine. Cad ba chóir duit a dhéanamh? Is dóigh go ndéarfadh na leanaí gur chóir duit an t-uisce a ghlanadh. Iarr ar na leanaí cabhrú leat rogha ábhar a thástáil chun teacht ar an gceann is fearr maidir le huisce a ionsú agus, dá bhrí sin, chun teacht ar an ábhar is fearr chun tuáille a dhéanamh as.</p> <p>Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi cad is tástáil chothrom ann. An gá coimeádáin atá ar cóimhéid le chéile a úsáid? An gá an méid céanna uisce a chur i ngach coimeádán? An gá píosaí ábhair atá ar cóimhéid le chéile a úsáid? Conas a gheobhaidh siad amach cén t-ábhar a d'ionsúigh an méid is mó uisce? Ar chóir dóibh teorainn ama a shocrú don méid ama a bheidh an t-ábhar san uisce? Ar chóir gach píosa ábhair a fhágáil san uisce ar feadh na tréimhse céanna ama? Ar chóir gach píosa ábhair a chur go hiomlán san uisce?</p>	

Cur chuige imscrúdaitheach:

Roinn na leanaí ina mbeirteanna agus tabhair 3 cinn d'eascaí nó de ghloiní atá ar cóimhéid le chéile do gach beirt. Is fearr cinn atá ard agus cúng a úsáid anseo. Tabhair píosaí téip chumhdaigh do na beirteanna. Greamóidh siad na píosaí téipe ar a bhfad de na gloiní. Cuir uisce i ngach gloine, ionas go mbeidh an chainníocht chéanna uisce i ngach gloine. Cuir dáthúchán bia leis ionas go mbeifear in ann an t-uisce a fheiceáil go héasca, agus tú ag cinntiú ag an am céanna go gcuirfidh tú na méideanna céanna dáthúchán bia i ngach gloine. Is ar an téip chumhdaigh a mharcálfaidh na leanaí an leibhéal uisce.

Labhairt agus Plé:

Dáil píosaí cearnógacha ábhar atá ar cóimhéid le chéile, amhail tuáille páipéir, naipcín, stoca, píosa cúrphlaistigh agus scannán cumhdaithe. Agus iad ag obair ina ngrúpaí, tuarfaidh na daltaí ord na n-ábhar sin ó thaobh ionsúiteachta de.

Cur chuige imscrúdaitheach:

Cuirfidh na beirteanna píosa fillte de gach ábhar i ngach eascra. Comhairfidh siad ar feadh tréimhse shocraithe ama, amhail deich soicind, sula mbainfidh siad an t-ábhar. Marcálfaidh siad an leibhéal nua ar an téip chumhdaigh. Is é a bheidh san eascra ina bhfuil an leibhéal is ísle uisce ná an t-ábhar is fearr maidir le huisce a ionsú.

	<p>Acmhainní</p> <p>Eascaí nó gloiní: ard agus cúng: ar cóimhéid le chéile ar mhaithe le tástáil chothrom a chinntiú.</p> <p>Uisce</p> <p>Dathúchán bia</p> <p>Píosaí cearnógacha ábhar, amhail tuáille páipéir, naipcín, stoca, píosa cúrphlaistigh agus scannán cumhdaithe: ar cóimhéid le chéile ar mhaithe le tástáil chothrom a chinntiú.</p> <p>Téip chumhdaigh</p> <p>Marcóirí</p>
<p>Difreáil</p> <p>Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	
<p>Measúnú</p> <p>Breathnú agus ceistiú ag an múinteoir.</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú</p> <p>Matamaitic: Comhtháthófar toilleadh isteach sa cheacht nuair a bhreithneoidh na leanaí an méid uisce atá i ngach eascra.</p>	